AN FORAS TEANGA THUAIDH / THEAS

FORAS NA GAEILGE

INIÚCHADH AR NEAMHIONANNAIS AGUS PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA COMHIONANNAIS

Aibreán 2015

1. RÉAMHRÁ

D'fhoilsigh Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann Treoir ar Alt 75 in 2010 a mholann go dtabharfaidh údaráis phoiblí faoi 'Iniúchadh ar Neamhionanannais' le bheith mar bhonn eolais do Phleananna Comhionannais nua. Is é ba chóir a bheith san iniúchadh "***athbhreithniú córasach agus anailis chórasach ar neamhionannais atá ann do lucht úsáide seirbhíse agus do dhaoine a n-imríonn beartais údaráis phoiblí tionchar orthu.***"

Molann an treoir chomh maith go bhforbróidh údaráis phoiblí "***plean gníomhaíochta a shonraíonn bearta gníomhaíochta atá ábhartha d'fheidhmeanna údaráis phoiblí, le comhdheiseanna agus an dea-chaidreamh a chur chun cinn le tabhairt faoi neamhionannais do chatagóirí Alt 75. Is cóir go leagfar amach i bpleananna gníomhaíochta na torthaí is mian le húdarás poiblí a bhaint amach le táscairí feidhmíochta agus amscálaí bhaineann leo.***"

Leagtar béim sa treoir ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil gníomhaíocht chomhionannais a nascadh le pleanáil chorporáideach agus ghnó. Tá de chomhairle d'údaráis phoiblí sa treoir "***forbairt ...pleananna gníomhaíochta a nascadh lena dtimthriall pleanála corparáidí le go mbeidh comhdheiseanna agus an dea-chaidreamh comhtháite agus príomhshruthaithe ag leibhéal straitéiseach i ngnó an údaráis phoiblí. Ag leibhéal oibríochtúil, molaimid feidhmiú pleananna gníomhaíochta a bheith san áireamh i dtimthriall pleanála gnó de chuid údaráis phoiblí.***"

Leagtar amach sa tuairisc seo tátail an iniúchta ar neamhionannais a rinne Foras na Gaeilge agus an dréachtphlean gníomhaíochta comhionannais atá de thoradh air. Comhtháthófar an plean gníomhaíochta le breithnithe comhchosúla ag Gníomhaireacht na hUltaise agus déanfar comhairliúchán air ar feadh tréimhse 12 sheachtain sula dtabharfar chun críche é. Tuairisceofar an plean deiridh ansin don Choimisiún Comhionannais.

2. FEIDHMEANNA

Is aon chomhlacht amháin é an Foras Teanga Thuaidh/Theas a thuairiscíonn don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, ach tá dhá ghníomhaireacht ar leith ann atá, ar an mórchuid, féinrialaitheach: Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge. Is iad na Ranna Coimircíochta don Fhoras Teanga Roinn an Phobail i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta in Eirinn.

Tá freagracht ar Fhoras na Gaeilge as an nGaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Tá ról aige i dtaca le comhairle a chur ar lucht rialtais, Thuaidh agus Theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an nGaeilge. Ina theannta sin gabhann sé tionscadail tacaíochta de láimh agus tugann sé cúnamh deontais do chomhlachtaí agus do ghrúpaí ar fud oileán na hÉireann.

Is iad feidhmeanna Fhoras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhinn, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais fógraíochta, caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá creatlach beartas faoi iamh in Aguisín A.

3. TORTHAÍ INMHIANAITHE

Oibríonn Foras na Gaeilge laistigh den chreatlach le haghaidh chosaint agus fhorbairt na Gaeilge a shocraigh Roinn an Phobail (i dTuaisceart Éireann) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (in Eirinn).

Tá beartas rialtais á thiomáint go príomha ag an gCairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a glacadh in 1992. Maidir leis an nGaeilge, sonraítear sa Chairt Eorpach go bhfuil na cuspóirí agus prionsabail seo a leanas le bheith i mbeartais, sa reachtaíocht agus sa chleachtas:

- aithint na Gaeilge mar léiriú ar shaibhreas cultúrtha;
- an gá le gníomh diongbháilte leis an nGaeilge a chur chun cinn;
- éascú agus/nó spreagadh úsáid na Gaeilge sa chaint agus sa scríobh sa saol príobháideach agus sa saol poiblí;
- cothú agus forbairt naisc idir grúpaí a úsáideann an Ghaeilge;
- soláthar foirmeacha agus modhannacuí le haghaidh múineadh agus staidéar teangacha réigiúnacha nó mionlaigh ag gach céim chuí.

Dearbhaíodh tiomantas Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann do theangacha réigiúnacha agus mionlaigh i leith na Gaeilge agus na hUltaise araon san Acht um Chomhaontú na Breataine/na hÉireann a bhunaigh an Foras Teanga Thuaidh/Theas. Ina dhiaidh sin, i gComhaontú Chill Rìmhinn comhaontaíodh tiomantas chun teangacha mionlaigh a fhorbairt agus tá an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ag glacadh ceannasaíochta maidir le seo a fhorbairt. Foilsíodh dréachtstraitéis leis an nGaeilge a

chosaint agus a chur chun cinn in 2013 agus rinneadh comhairliúchán uirthi, ach níor tugadh chun críche í go fóill. Is é is aidhm don straitéis:

- creatlach a chruthú inar féidir leis an nGaeilge bheith faoi bhláth agus bheith comhroinnte ag gach duine a úsáideann í;
- cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'fhoghlaim na Gaeilge; agus
- tuiscint níos leithne ar chúlra na Gaeilge a chur chun cinn.

Tá na cuspóirí seo a dhéanamh ag an dréachtstraitéis:

- cur le líon na ndaoine atá in ann teacht ar an ngaelscolaíocht;
- cur le líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge; agus
- cur le rochtain ar na meáin Ghaeilge.

Beidh ról lárnach ag Foras na Gaeilge i bhfeidhmiú na straitéise.

Agus na haidhmeanna seo á gcur san áireamh aige, tá cúig chuspóir chorparáideacha forbartha ag Foras na Gaeilge a shainmhíníonn na torthaí inmhianaithe:

Cumarsáid
Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus margaíocht éifeachtach ar an nGaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann.

Beartas, Pleanáil & Taighde
Beartais agus cláir oibre a mholadh, comhairle a thabhairt orthu, iad a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu le freastal ar riachtanais a bhaineann le cur chun cinn na teanga san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar fud oileán na hÉireann.

Stádas
Stádas na Gaeilge a neartú.

Sealbhú
Tacú le foghlaim, sealbhú agus neartú na Gaeilge trí chur le líon na ndeiseanna foghlama ag gach leibhéal agus trí chaighdeán na múinteoireachta a fheabhsú.

Úsáid
Cur le húsáid na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann.

4. DAOINE A N-IMRÍONN NA BEARTAIS TIONCHAR ORTHU

Tá tionchar díreach ag obair Fhoras na Gaeilge ar:

- eagraíochtaí Gaeilge maoinithe;
- an pobal i gcoitinne i dTuaisceart Éireann a fhreastalaíonn ar fhéilte, imeachtaí, taispeántais etc. nó a úsáideann ábhair foghlama;
- páistí agus daoine óga i scoileanna agus a múinteoirí;
- eagrais san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Pobail Ghaeilge na hAlban (trí obair chomhpháirtíochta);
- baill foirne.

5. NA SONRAÍ AGUS AN TAIGHDE ATÁ AR FÁIL

5.1 Monatóireacht inmheánach

Ta córais ag Foras na Gaeilge atá forbartha go maith le monatóireacht a dhéanamh ar mhórghníomhartha eagraíochtaí bunmhaoinithe. Féadann monatóireacht bheith cainníochtúil agus cáilíochtúil ach ní chuimsíonn sí, faoi láthair, tiomsú córasach faisnéise a bhaineann le catagóirí Alt 75.

Déanann Foras na Gaeilge monatóireacht ghinearálta ar iarrthóirí poist maidir le comhdheiseanna agus cuireann sé tuairisceán bliantúil chuig an gCoimisiún Comhionannais do Thuaisceart Éireann ar chúlra pobail agus inscne gach baill foirne.

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta Comhionannais, breithneoidh Foras na Gaeilge bealaí le monatóireacht chainníochtúil agus cháilíochtúil araon a leathnú le go mbeidh catagóirí comhionannais breise san áireamh.

5.2 Daonáireamh TÉ 2011

Iarradh ar fhreagróirí ar Dhaonáireamh TÉ 2011 a gcumas an Ghaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh nó a thuiscint a chur in iúl. I measc gnáthchónaitheoirí a bhí 3 bliana d'aois agus níos sine, bhí cumas éigin ag 11 faoin gcéad de dhaoine, i gcomparáid le 10 faoin gcéad tráth an Daonáirimh dheiridh in 2001. Ba é cion na ndaoine 3 bliana a bhí d'aois agus níos sine a bhí in ann an Ghaielge a labhairt, a scríobh agus a thuiscint ná 3.7 faoin gcéad agus dúirt 4.1 faoin gcéad go raibh siad in ann Gaeilge an thuiscint ach nach raibh siad in ann í a labhairt, a léamh ná a scríobh.

Maidir le haoisghrúpaí, ba iad daoine a bhí 12-15 bliana d'aois ba dóchúla cumas éigin Gaeilge a bheith acu (20 faoin gcéad); bhí na daoine ba dhóchúla nach mbeadh cumas mar seo acu 75 bliana d'aois agus níos sine (6.2 faoi gcéad).

Maidir le reiligiún nó reiligiún lenar tógadh daoine, ba mar Chaitlicigh a tógadh 90 faoin gcéad díobh siúd a raibh cumas éigin Gaeilge acu agus ba mar Phrotastúnaigh a tógadh 7.4 faoin gcéad acu. Comhsheasmhach leis seo, in 2011 bhí cumas éigin Gaeilge ag 21 faoin

gcéad de dhaoine a bhí 3 bliana d'aois nó níos sine a bhí, nó a tógadh, ina gCaitlicigh, i gcomparáid le 1.6 faoin gcéad díobh siúd a bhain, nó a tógadh, le sainchreideamh Protastúnach.

Ag tarraingt reiligiúin agus aoise le chéile, agus ceangailte, is dócha, leis an ábhar a bheith san áireamh sa churaclam oideachais agus an ráchairt faoi leith atá air i scoileanna neamhrialaithe, in 2011 bhí cumas éigin Gaeilge ag beagnach beirt as cúigear (38 faoin gcéad) a bhí 12-15 bliana d'aois a bhí, nó a tógadh, ina gCaitlicigh, i gcomparáid le 1.6 faoin gcéad díobh siúd a bhí, nó a tógadh, ina bProtastúnaigh.

Cé gur i bPoblacht na hÉireann a rugadh 2.2 faoin gcéad de ghnáthchónaitheoirí a bhí 3 bliana d'aois agus níos sine, ba iad seo 8.9 faoin gcéad díobh siúd le cumas éigin Gaeilge.

Bhí féiniúlacht Éireannach amháin ag níos mó ná dhá thrian (68 faoin gcéad) díobh siúd a raibh cumas éigin Gaeilge acu. Bhraith 17 faoin gcéad acu iad a bheith Tuaisceart-Éireannach amháin, agus bhí 7 faoin gcéad Briotanach amháin.

5.3 Suirbhé Omnibus TÉ 2007

Tá breis faisnéise faoi eolas ar an nGaeilge ar fáil ó Shuirbhé Omnibus TÉ in 2007 a léirigh go raibh eolas éigin ar an teanga ag 18% den daonra ar fad. Bhí na torthaí briste síos de réir chatagóirí Alt 75 (féach Aguisín B) agus bhí roinnt catagóirí ann ina raibh eolas ar an teanga go suntasach níos ísle, lena n-áirítear:

2% de dhaoine a tógadh mar Phrotastúnaigh;
6% de dhaoine a bhí 65 bliana d'aois agus níos sine;
10% de dhaoine a bhí colscartha, daoine scartha agus baintreacha;
12% de dhaoine faoi mhíchumas; agus
14% d'fhir.

5.4 Suirbhé Omnibus TÉ 2012

Fuarthas tuairimí an phobail i leith na Gaeilge i dTuaisceart Éireann go deireanach trí Shuirbhé Omnibus Thuaisceart Éireann i 2012. Bhí ceithre cheist go háirithe suntasach:

1. Tuairimí i leith úsáid na Gaeilge - An bhfuil tú i bhfabhar nó i gcoinne úsáid na Gaeilge i dTuaisceart Éireann?
2. Deiseanna ar fhoghlaim na Gaeilge - Cé chomh mór a chomhaontaíonn tú gur chóir go mbeadh daltaí, ar mian leo é, in ann an Ghaeilge a ghlacadh mar ábhar ag an scoil? Cé chomh mór a chomhaontaíonn tú gur chóir níos mó deiseanna a bheith ann do dhaoine an Ghaeilge a fhoghlaim ar fud Thuaisceart Éireann?
3. Tacaíocht don Ghaeilge - Cé chomh mór a chomhaontaíonn tú gur chóir tacú le húsáid na Gaeilge agus í a chur chun cinn ar fud Thuaisceart Éireann?

Tugtar na torthaí ina n-iomláine in Aguisín C agus ba iad a leanas na príomhphointí:

Tuairimí
San iomlán bhí 35% de na freagróirí go mór nó rud beag i bhfabhar le húsáid na Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus bhí 29% go mór nó rud beag ina coinne. Ba iad na haon chatagóirí ina raibh éagsúlachtaí suntasacha ná aois agus creideamh reiligiúnach: bhí claonadh i ndaoine níos óige bheith níos mó i bhfabhar ná daoine níos sine, agus bhí céatadán níos airde Caitliceach i bhfabhar (66%) ná Protastúnaigh (13%). I measc Protastúnach, bhí 46% i gcoinne agus ní raibh 40% i bhfabhar ná i gcoinne.

Deiseanna
Ar an iomlán d'aontaigh 80% de na freagróirí go mór nó rud beag gur chóir go mbeadh daltaí, ar mian leo é, in ann an Ghaeilge a ghlacadh mar ábhar ag an scoil, agus níor easaontaigh ach 8% go mór nó rud beag. Ba bheag an éagsúlacht a bhí ann de réir catagóir comhionannais, ach níor aontaigh ach 73% de Phrotastúnaigh, i gcomparáid le 92% de Chaitlicigh.

D'aontaigh 53% de na freagróirí go mór nó rud beag gur chóir níos mó deiseanna a bheith ann do dhaoine an Ghaeilge a fhoghlaim ar fud Thuaisceart Éireann, agus d'easaontaigh 20% go mór nó rud beag. Bhí éagsúlacht áirithe i bhfreagairtí de réir aoise, stádas pósta agus creideamh reiligiúnach:

- ba dhóchúla daoine níos sine a bheith ag easaontú, le 31% díobh siúd a bhí 55-64 bliana d'aois ag easaontú agus 27% díobh siúd a bhí 65+ d'aois ag easaontú;

- ba mhó i bhfad céatadán na mbaintreach ag easaontú (27%);

- bhí céatadán mór Caitliceach (78%) agus céatadán íseal Protasúnach (36%) ag aontú. D'easaontaigh 30% de Phrotasúnaigh leis an ráiteas.

Tacaíocht
D'aontaigh 42% de na freagróirí go mór nó rud beag gur chóir tacú le húsáid na Gaeilge agus í a chur chun cinn ar fud Thuaisceart Éireann, ach d'easaontaigh 35% go mór nó rud beag. Arís, bhí éagsúlacht áirithe i bhfreagairtí de réir aoise, stádas pósta agus creideamh reiligiúnach:

- ba dhóchúla daoine níos sine a bheith ag easaontú, le 49% díobh siúd a bhí 55-64 bliana d'aois ag easaontú agus 43% díobh siúd a bhí 65+ d'aois ag easaontú;

- ba lú an céatadán daoine a bhí colscartha, scartha nó ina mbaintreacha ag comhaontú, cé gur dhóchúla iad a bheith gan aon tuairim ná bheith ag easaontú;

- bhí céatadán mór Caitliceach (74%) agus céatadán íseal Protasúnach (18%) ag aontú. D'easaontaigh 54% de Phrotasúnaigh leis an ráiteas.

6. PRÍOMH-NEAMHIONANNAIS

Nuair a tharraingítear le chéile an fhaisnéis thuas feictear go bhfuil roinnt grúpaí Alt 75 a d'fhéadfadh bheith faoi ghannionadaíocht maidir lena bhfuil Foras na Gaeilge ag iarraidh a bhaint amach.

6.1 Cumas Gaeilge

Tá cuspóir corparáideach ag Foras na Gaeilge cur le húsáid na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann. Léiríonn torthaí an Daonáirimh gur dóchúla i bhfad i dTuaisceart Éireann cumas éigin Gaeilge a bheith ag daoine atá, nó a tógadh, in gCaitlicigh ná daoine a tógadh ina bProtastúnaigh. Chomh maith leis sin, is dóchúla i bhfad cumas éigin Gaeilge a bheith ag daoine óga de thoradh, is dócha, an t-ábhar a bheith san áireamh sa churaclam oideachais. Léirigh Suirbhé Omnibus 2007 leibhéal íseal cumais i measc Protastúnach agus daoine níos sine agus léirigh sé chomh maith go bhféadfadh leibhéil níos ísle cumais a bheith ann i measc fear, daoine faoi mhíchumas agus daoine atá colscartha, scartha nó ina mbaintreacha. Go pointe d'fhéadfadh sé go bhfuil ceangal idir na torthaí a bhaineann le stádas pósta agus próifíl aoise na bhfreagróirí sin.

6.2 Tuairimí i leith na Gaeilge

Tá cuspóir corparáideach ag Foras na Gaeilge cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus margaíocht éifeachtach ar an nGaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann. Léirigh Suirbhé Omnibus 2012 go raibh 15% de na freagróirí go mór i bhfabhar le húsáid na Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus go raibh 20% rud beag i bhfabhar, ach nach raibh 35% ina fabhar nó ina coinne. Ba mhó céatadán na ndaoine níos sine (55+ bliana) agus na ndaoine a tógadh ina bProtastúnaigh ina coinne.

6.3 Deiseanna leis an nGaeilge a fhoghlaim

Tá cuspóir corparáideach ag Foras na Gaeilge tacú le foghlaim, sealbhú agus neartú na Gaeilge trí chur le líon na ndeiseanna foghlama ag gach leibhéal agus trí chaighdeán na múinteoireachta a fheabhsú. Léirigh Suirbhé Omnibus 2012 gur aontaigh céatadán mór (80%) de na freagróirí go mór nó rud beag gur chóir go mbeadh daltaí, ar mian leo é, in ann an Ghaeilge a ghlacadh mar ábhar ag an scoil, agus ba bheag an éagsúlacht a bhí ann de réir catagóir comhionannais, agus d'aontaigh 53% gur chóir níos mó deiseanna a bheith ann do dhaoine an Ghaeilge a fhoghlaim ar fud Thuaisceart Éireann. Ba dhóchúla daoine níos sine, Protastúnaigh agus baintreacha a bheith ag easaontú.

6.4 Tacaíocht don Ghaeilge

Tá cuspóir corparáideach ag Foras na Gaeilge stádas na Gaeilge a neartú. Léirigh Suirbhé Omnibus 2012 gur aontaigh 42% de na freagróirí gur chóir tacú le húsáid na Gaeilge agus í a

chur chun cinn ar fud Thuaisceart Éireann, ach ba dhóchúla daoine níos sine, Protastúnaigh agus daoine colscartha, daoine scartha agus baintreacha a bheith ag easaontú.

7. PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA COMHIONANNAIS

Léiríonn an anailis thuas go gcaithfidh Foras na Gaeilge, agus é ag forbairt an Phlean Gníomhaíochta Comhionannais, breithniú conas is féidir feasacht agus rannpháirtíocht a mhéadú i measc na ngrúpaí seo a leanas:

- daoine níos sine;
- daoine a tógadh mar Phrotastúnaigh;
- daoine atá scartha, daoine atá colscartha agus baintreacha.

Tá Foras na Gaeilge den tuairim go bhféadfadh ceangal bheith idir na héagsúlachtaí a bhaineann le stádas pósta i bhfreagairtí ar Shuirbhé Omnibus 2012 agus torthaí na próifíle aoise; bheadh sé deacair díriú ar na grúpaí áirithe seo. Mar sin féin, tá Foras na Gaeilge den tuairim freisin go bhfuil deiseanna ann cur le rannpháirtíocht i measc daoine den chine gorm agus ó phobail mionlach eitneach.

Tá roinnt tionscnamh i bhfeidhm cheana a bhfuil tionchar ar leith acu ar dhaoine níos sine agus ar Phrotastúnaigh. Mar shampla:

[Le cur isteach]

Chomh maith leis sin caithfidh Foras na Gaeilge a bhreithniú conas is féidir monatóireacht reatha a leathnú le níos mó faisnéise a chur ar fáil maidir le tionchar a chuid oibre ar ghrúpaí éagsúla Alt 75. Beidh faisnéis mhonatóireachta ríthábhachtach lena chinntiú an bhfuil an tionchar inmhianaithe ag na bearta sa Phlean Gníomhaíochta Comhionannais.

Leagtar amach an Plean Gníomhaíochta dréachtach lastall. Tar éis comhairliúcháin forbrófar leagan deiridh den Phlean Gníomhaíochta agus cuirfear faoi bhráid an Chomhisiúin Comhionannais é.

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA COMHIONANNAIS DRÉACHTACH

Grúpaí Alt 75	Gníomhaíocht	Nasc le cuspóirí straitéiseacha	Amscála	Torthaí inmhianaithe	Slata tomhais ar fheidhmíocht
1. Protastúnaigh					
2. Daoine níos sine					
3. Daoine gorma agus mionlaigh eitneacha					
4. Gach grúpa	4.1 Athbhreithniú ar shocruithe monatóireachta 4.2 Ceisteanna monatóireachta breise a thabhairt isteach nuair is féidir le níos mó eolais a fháil ar rannpháirtíocht ghrúpaí éagsúla Alt 75	Beartas, pleanáil agus taighde	2014-15	Níos mó eolais ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí maidir le daoine i ngach catagóir Alt 75	4.1 Cur i gcrích an athbhreithnithe 4.2 Líon na gcatagóirí breise san áireamh sa mhonatóireacht
5. Gach grúpa	5.1 Athbhreithniú agus nuashonrú ar iniúchadh ar neamhionannais 5.2 Athbhreithniú agus nuashonrú ar phlean	Beartas, pleanáil agus taighde	Uair sa bhliain I mí na Samhna	Níos mó eolais le cuidiú le pleanáil chorparáideach agus ghnó	5.1 Cur i gcrích an athbhreithnithe 5.2 Cur i gcrích an athbhreithnithe ar an bplean gníomhaíochta

	gníomhaíochta comhionannais 5.3 Comhairliúchán ar mhórathruithe ar an bplean gníomhaíochta				comhionannais 5.3 Líon gearán faighte le linn comhairliúcháin
Grúpaí Alt 75	**Gníomhaíocht**	**Nasc le cuspóirí straitéiseacha**	**Amscála**	**Torthaí inmhianaithe**	**Slata tomhais ar fheidhmíocht**
6. Gach grúpa	6.1 Breithnithe Alt 75 a phríomhshruthú a thuilleadh i dtimthrialla straitéiseacha agus gnó	Beartas, pleanáil agus taighde	Uair sa bhliain i mí na Samhna	Luachanna a bhaineann le hAlt 75 le bheith ina ndlúthchuid shoiléir de Phleananna Corparáideacha agus Gnó amach anseo	6.1 Fianaise ar bhreithnithe Alt 75 laistigh de thimthrialla pleanála corparáideacha agus gnó
7. Gach grúpa	7.1 A chinntiú go bhfuil tagairt i ngach aon chonradh seachtrach do ghrúpaí Alt 75	Beartas, pleanáil agus taighde	Ar siúl go leanúnach	Caithfidh gach duine a dhéanann obair thar ceann na heagraíochta freagrachtaí Alt 75 a bhíonn ar an eagraíocht a chur i gcrích	7.1 Clásal a bheith i gconarthaí a chuireann síos ar fhreagrachtaí Alt 75 a bhaineann le téarmaí an chonartha
8. Gach grúpa	8.1 Monatóireacht ar bhaill foirne agus iarrthóirí a leathnú le	Beartas, pleanáil agus taighde	2014-15	Sonraí próifílithe fónta sna naoi bhforas a bhaineann	8.1 Faisnéis mhonatóireachta ar gach ball foirne agus

	sonraí a fháil ar gach foras a bhaineann le hAlt 75			le hAlt 75 ar dhaoine atá fostaithe ag an eagraíocht agus ar dhaoine atá ag lorg fostaíochta	gach iarrthóir sna naoi bhforas a bhaineann le hAlt 75
9. Gach grúpa	9.1 Monatóireacht a dhéanamh ar bhallraíocht an bhoird de réir fhorais Alt 75	Beartas, pleanáil agus taighde	Nuair a cheaptar	Muinín go bhfuil an bord ionadaíoch, ar bhonn ginearálta, ar éagsúlacht phobail Thuaisceart Éireann	9.1 Faisnéis mhonatóireacht ar bhaill an bhoird de réir fhorais Alt 75

Aguisín A

AN FORAS TEANGA THUAIDH / THEAS
LIOSTA BEARTAS FHORAS NA GAEILGE

	Réimse Beartais	Gníomhaíochtaí	Na daoine a mbaintear leo	Slata tomhais ar fheidhmíocht
1	Margaíocht	Caidreamh leis na meáin Feachtais Urraíocht Suíomh Gréasáin Nuachtlitir Freastal ar mhórócáidí	Gach ball den phobal	
2	Bunmhaoiniú	Cláir cabhrach deontais Fóram Comhpháirtíochta Fóram Forbartha Teanga	Eagraíochtaí Gaeilge agus na daoine a mbíonn siad ag plé leo	

3	Tacaíocht don earnáil phoiblí	Aistriúchán Comhairle agus eolas Tacaíocht maidir le téarmeolaíocht Clár na nOifigeach Gaeilge Oiliúint	Eagrais san earnáil phoiblí agus a gcliaint/custaiméirí	
4	Tacaíocht don earnáil phríobháideach	Seirbhísí comhairliúcháin Treoir Ábhair thacaíochta Oiliúint Urraíocht Taighde	Eagrais san earnáil phríobháideach agus a gcliaint/custaiméirí	
	Réimse Beartais	**Gníomhaíochtaí**	**Na daoine a mbaintear leo**	**Slata tomhais ar fheidhmíocht**
5	Tacaíocht do dheiseanna foghlama	Beartas oideachais Campaí samhraidh Líofa Ballraíocht príomheagraíochtaí i Straitéis Foghlama RCEF Ábhair theagaisc agus fhoghlama	Daltaí, múinteoirí, foghlaimeoirí aosaigh agus teaghlaigh	
6	Aistriúcháin agus foilseacháin	Oiliúint Creidiúnú Forbairt áiseanna aistriúcháin ríomhchuidithe Straitéis foclóireachta Beartas téarmeolaíochta Clár leabhar	Aistritheoirí agus iad siúd a bhaineann tairbhe as aistriúcháin	
7	Rialachas		Comhaltaí boird agus baill	

			foirne	
8	Bainistíocht airgeadais		Baill foirne	
9	Acmhainní Daonna		Baill foirne	
10	Forbairt eagraíochtúil		Baill foirne	

Aguisín B

Líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge acu i dTuaisceart Éireann 2007

	Eolas éigin %	Gan aon eolas %	Bonn
Iomlán	18	82	1211
Fireann	14	86	514
Baineann	21	79	697
16-24 bliana d'aois	29	71	130
25-34 bliana d'aois	22	78	204
35-49 bliana d'aois	18	82	345
50-64 bliana d'aois	19	81	244
65 bliana d'aois agus níos sine	6	94	288
Caitliceach	39	61	473
Protastúnach	2	98	663
Singil	24	76	373
Pósta / in aontíos	17	83	559
Colscartha / scartha / baintreacha	10	90	279
Faoi mhíchumas	12	88	278
Gan mhíchumas	20	80	933
Le cleithiúnaigh	22	78	434
Gan cleithiúnaigh	16	84	777

Foinse: Suirbhé Omnibus TÉ 2007

Aguisín C

Sonraí ó Shuirbhé Omnibus Thuaisceart Éireann 2010

Tábla 1: An bhfuil tú i bhfabhar nó i gcoinne úsáid na Gaeilge i dTuaisceart Éireann?

	Go mór i bhfabhar %	Rud beag i bhfabhar %	Gan bheith i bhfabhar nó i gcoinne %	Rud beag i gcoinne %	Go mór i gcoinne %	Níl a fhios agam / diúltú freagairt %	Bonn
Iomlán	15	20	35	12	17	1	1141
Fireann	17	19	30	13	19	1	525
Baineann	14	20	39	11	15	0	616
16-24 bliana d'aois	15	16	46	8	14	0	93
25-34 bliana d'aois	19	22	31	9	18	1	160
35-44 bliana d'aois	20	23	36	9	11	1	197
45-54 bliana d'aois	14	20	34	11	20	0	207
55-64 bliana d'aois	13	15	34	21	17	0	179
64+ bliana d'aois	12	20	34	13	21	2	305
Caitliceach	33	33	27	2	4	0	431
Protastúnach	3	10	40	19	27	0	602
Singil	16	20	39	9	15	0	330
Pósta / in aontíos	15	20	33	13	18	1	569
Colscartha / scartha	17	12	43	14	14	0	119
Baintreach	12	21	32	13	21	2	123
Faoi mhíchumas	19	19	32	12	18	0	258
Gan mhíchumas	14	20	36	12	17	1	883
Le cleithiúnaigh	16	22	34	11	16	0	407
Gan cleithiúnaigh	15	18	36	13	18	1	734

Foinse: Suirbhé Omnibus TÉ 2012

Tábla 2: Deiseanna ar fhoghlaim na Gaeilge - Cé chomh mór a chomhaontaíonn tú gur chóir go mbeadh daltaí, ar mian leo é, in ann an Ghaeilge a ghlacadh mar ábhar ag an scoil?

	Aontaím go mór %	Aontaím rud beag %	Is cuma liom %	Easaontaím rud beag %	Easaontaím go mór %	Níl a fhios agam / diúltú freagairt %	Bonn
Iomlán	39	41	10	4	4	1	1141
Fireann	38	41	10	4	6	1	525
Baineann	40	41	11	3	3	1	616
16-24 bliana d'aois	42	41	8	6	3	0	93
25-34 bliana d'aois	47	34	11	3	4	1	160
35-44 bliana d'aois	44	40	9	2	5	1	197
45-54 bliana d'aois	36	44	12	3	4	1	207
55-64 bliana d'aois	37	45	9	3	5	1	179
64+ bliana d'aois	35	41	12	6	4	2	305
Caitliceach	62	30	6	1	1	0	431
Protastúnach	23	50	13	6	7	1	602
Singil	44	41	8	4	4	0	330
Pósta / in aontíos	38	41	11	4	4	1	569
Colscartha / scartha	39	44	10	3	4	0	119
Baintreach	29	40	18	5	6	1	123
Faoi mhíchumas	39	43	10	5	2	1	258
Gan mhíchumas	40	41	10	3	5	1	883
Le cleithiúnaigh	41	42	10	3	4	0	407
Gan cleithiúnaigh	39	41	11	4	4	1	734

Foinse: Suirbhé Omnibus TÉ 2012

Tábla 3: Cé chomh mór a chomhaontaíonn tú gur chóir níos mó deiseanna a bheith ann do dhaoine an Ghaeilge a fhoghlaim ar fud Thuaisceart Éireann?

	Aontaím go mór %	Aontaím rud beag %	Is cuma liom %	Easaontaím rud beag %	Easaontaím go mór %	Níl a fhios agam / diúltú freagairt %	Bonn
Iomlán	23	30	26	10	10	1	1141
Fireann	21	31	24	12	10	1	525
Baineann	24	29	27	8	10	1	616
16-24 bliana d'aois	34	32	23	5	6	0	93
25-34 bliana d'aois	34	25	26	8	7	1	160
35-44 bliana d'aois	27	33	24	6	8	1	197
45-54 bliana d'aois	21	32	28	9	10	0	207
55-64 bliana d'aois	13	28	28	19	12	0	179
64+ bliana d'aois	15	31	25	12	15	2	305
Caitliceach	44	34	15	4	2	0	431
Protastúnach	8	28	34	14	16	1	602
Singil	30	34	23	7	7	0	330
Pósta / in aontíos	20	29	27	12	11	1	569
Colscartha / scartha	22	36	19	13	9	0	119
Baintreach	17	25	29	11	16	2	123
Faoi mhíchumas	24	35	18	10	12	1	258
Gan mhíchumas	22	29	27	10	10	1	883
Le cleithiúnaigh	24	29	26	10	10	1	407
Gan cleithiúnaigh	22	31	25	11	10	1	734

Foinse: Suirbhé Omnibus TÉ 2012

Tábla 4: Cé chomh mór a chomhaontaíonn tú gur chóir tacú le húsáid na Gaeilge agus í a chur chun cinn ar fud Thuaisceart Éireann?

	Aontaím go mór %	Aontaím rud beag %	Is cuma liom %	Easaontaím rud beag %	Easaontaím go mór %	Níl a fhios agam / diúltú freagairt %	Bonn
Iomlán	16	26	23	16	19	1	1141
Fireann	17	23	23	16	21	1	525
Baineann	15	28	23	16	17	1	616
16-24 bliana d'aois	19	31	25	13	11	0	93
25-34 bliana d'aois	24	25	24	11	13	3	160
35-44 bliana d'aois	18	33	25	9	13	2	197
45-54 bliana d'aois	16	25	21	17	21	0	207
55-64 bliana d'aois	11	17	24	25	24	0	179
64+ bliana d'aois	11	24	21	17	26	2	305
Caitliceach	35	39	16	7	4	0	431
Protastúnach	3	15	27	24	30	1	602
Singil	18	33	24	12	12	1	330
Pósta / in aontíos	15	23	21	18	21	1	569
Colscartha / scartha	16	18	29	18	20	0	119
Baintreach	12	24	25	13	24	1	123
Faoi mhíchumas	18	27	18	15	21	1	258
Gan mhíchumas	15	25	24	16	18	1	883
Le cleithiúnaigh	18	26	23	16	17	1	407
Gan cleithiúnaigh	14	25	23	16	20	1	734

Foinse: Suirbhé Omnibus TÉ 2012